2024/2573

27.9.2024

CINNEADH (AE) 2024/2573 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena gceaptar triúr comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Bulgáire, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Bulgáire,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 30 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1153 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin triúr comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Ivan ALEKSIEV agus Emil IVANOV éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Malina EDREVA AUDOIN a cheapadh.

(4) Tá suíocháin seachtar comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Daud ALYAOVLU, Sebihan MEHMED agus Ivanka NIKOLOVA éirí as oifig agus tar éis deireadh a theacht leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Dobromir DOBREV, Dimitranka KAMENOVA, Cornelia MARINOVA agus Rumen PEHLIVANOV a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na Bulgáire na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Dobrin DOBREV, *Кмет на община Разград* (Méara Bhardas Razgrad), Dimitar NIKOLOV, *Кмет на община Бургас* (Méara Bhardas Burgas), agus Tsvetelina SIMEONOVA-ZARKIN, *Общински съветник в Столичен общински съвет* (Comhairleoir Bardasach i gComhairle Bhardasach Shóifia).

(6) Mhol Rialtas na Bulgáire na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Isa BESOOLU, *Кмет на община Павел баня* (Méara Bhardas Pavel Banya), Ivo DIMOV, *Кмет на община Димитровград* (Méara Bhardas Dimitrovgrad), Angel DZHORGOV, *Кмет на община Самоков* (Méara Bhardas Samokov), Ivan GAYKOV, *Кмет на община Приморско* (Méara Bhardas Primorsko), Blagomir KOTSEV, *Кмет на община Варна* (Méara Bhardas Varna), Dencho MINEV, *Кмет на община Трявна* (Méara Bhardas Tryavna), agus Adnan YALDAZ, *Кмет на община Стамболово* (Méara Bhardas Stambolovo),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Dobrin DOBREV, *Кмет на община Разград* (Méara Bhardas Razgrad),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/1153 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún (IO L 256, 5.8.2020, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1153/oj).

— Dimitar NIKOLOV, *Кмет на община Бургас* (Méara Bhardas Burgas),

— Tsvetelina SIMEONOVA-ZARKIN, *Общински съветник в Столичен общински съвет* (Comhairleoir Bardasach i gComhairle Bhardasach Shóifia);

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Isa BESOOLU, *Кмет на община Павел баня* (Méara Bhardas Pavel Banya),

— Ivo DIMOV, *Кмет на община Димитровград* (Méara Bhardas Dimitrovgrad),

— Angel DZHORGOV, *Кмет на община Самоков* (Méara Bhardas Samokov),

— Ivan GAYKOV, *Кмет на община Приморско* (Méara Bhardas Primorsko),

— Blagomir KOTSEV, *Кмет на община Варна* (Méara Bhardas Varna),

— Dencho MINEV, *Кмет на община Трявна* (Méara Bhardas Tryavna),

— Mr Adnan YALDAZ, *Кмет на община Стамболово* (Méara Bhardas Stambolovo).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

FELDMAN Z.